TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 21 Márta 2024[1]

Cás C-399/22

Confédération paysanne
v
Ministre de l'Agriculture et de la Souveraineté alimentaire,
Ministre de l'Économie, des Finances et de la Souveraineté industrielle et numérique

(Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc))

(Tarchur chun réamhrialú – Faisnéis do thomhaltóirí ar earraí bia – Ceanglais maidir le lipéadú de chuid na tíre tionscnaimh – Torthaí agus glasraí a bhaintear sa Sahára Thiar – Inniúlacht na mBallstát toirmeasc aontaobhach a chur ar allmhairiú táirgí nach bhfuil lipéad ceart 'tír thionscnaimh' orthu)

I. Réamhrá

1. 'Ní le Ríocht Mharacó críoch an tSahára Thiar; dá bhrí sin, le lipéad lena dtugtar le fios gurb é Maracó tionscnamh na n-earraí sin, sáraítear ceanglais AE maidir le lipéadú earraí bia.'

2. Is é sin, i mbeagán focal, argóint an iarratasóra os comhair na cúirte náisiúnta. Dá réir sin lorg an t-iarratasóir cinneadh ón ministère de l'agriculture et de la souveraineté alimentaire (Aireacht Talmhaíochta agus Bia-Fhlaitheas, an Fhrainc) agus ón ministère de l'économie, des finances et de la souveraineté industrielle et numérique (Aireacht Eacnamaíochta, Airgeadais agus Ceannasacht Tionscail agus Digiteach, an Fhrainc) ('na hAireachtaí') chun toirmeasc a chur ar allmhairiú trátaí silíní agus mealbhacán Charentais ('na táirgí atá i gceist') de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar agus a bhfuil lipéad orthu mar tháirgí de thionscnamh Ríocht Mharacó.

3. Ardaítear dhá cheist ar leith san agóid.

[1] Bunteanga: an Béarla.

4. Is í an chéad cheist ná an bhféadfaidh na Ballstáit gníomhú go haontaobhach i réimse an chomhbheartais tráchtála chun allmhairiú earraí áirithe ó thríú tíortha a thoirmeasc. Cé nach ceist nua í, i bhfianaise bhearta na mBallstát le déanaí i gcoinne allmhairí ón Úcráin, is cinnte go bhfuil an cheist tráthúil ó thaobh dearcadh níos leithne de. [2]

5. Baineann an dara saincheist atá le réiteach le lipéadú earraí bia de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. Is í an cheist anseo an bhféadtar na táirgí sin a mhargú mar tháirgí de thionscnamh Ríocht Mharacó. Féadfar an cheist sin a chur i gcomhthéacs na mbreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario* [3] agus in *Western Sahara Campaign UK*, [4] inar aithin an Chúirt stádas críochach ar leith de chríoch an tSahára Thiar. [5]

II. Comhthéacs dlíthiúil agus fíorasach an cháis reatha agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

6. Is críoch in iarthuaisceart na hAfraice é an Sahára Thiar. Rinne Ríocht na Spáinne coilíniú air sa 19ú haois. In 1963, i gcomhthéacs phróiseas an díchoilínithe, chuir na Náisiúin Aontaithe an chríoch sin le liosta na gcríoch neamh-féinrialaitheach. [6] Tá sé fós ar an liosta sin go dtí an lá atá inniu ann.

7. Níl próiseas an díchoilínithe curtha i gcrích (go fóill) agus is é an Sahára Thiar an t-aon chríoch neamh-féinrialaitheach san Afraic. Thréig an Spáinn a freagracht mar chumhacht riaracháin coilíneachta in 1976. Ó shin i leith, tá coinbhleacht fós ann, lena n-áirítear de chineál míleata, maidir leis an gcríoch idir Ríocht Mharacó, a rialaíonn thart ar 80% de chríoch an tSahára Thiar agus a mhaíonn ceannasacht ar an gcríoch ina hiomláine, agus an Front Populaire pour la libération de la saguia-el-hamra et du rio de oro ('Front Polisario'), a rialaíonn an chuid eile de chríoch an tSahára Thiar agus a mhaíonn go ndéanann sé ionadaíocht ar na Sachrámhaigh. D'aithin an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ina Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar go raibh an ceart féinchinntiúcháin ag na Sachrámhaigh. [7]

2 Ag tosú i mí an Mhárta 2023, bhagair Rialtas na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice a thoirmeasc go haontaobhach allmhairiú gráin agus táirgí talmhaíochta de chuid na hÚcráine saor ó tharaifí (beart a forchuireadh mar fhreagra ar spriocdhíriú Rialtas na Rúise ar onnmhairí gráin trí chalafoirt na Mara Duibhe san Úcráin). Mar fhreagra air sin, thug an Coimisiún Eorpach bearta coisctheacha sealadacha isteach, i dtosach go dtí an 5 Meitheamh 2023 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/903 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 lena dtugtar isteach bearta coisctheacha a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh na hÚcráine (IO 2023 L 114I, lch. 1)) agus ansin go dtí an 15 Meán Fómhair 2023 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1100 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2023 lena dtugtar isteach bearta coisctheacha a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh na hÚcráine (IO 2023 L 144I, lch. 1)), chun toirmeasc a chur ar scaoileadh i saorchúrsaíocht nó cur faoi nósanna imeachta custaim áirithe cruithneacht, ráibe agus síolta lus na gréine ón Úcráin, mura rud é go n-aistrítear na hearraí sin go Ballstát eile nó chuig tír nó críoch lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh.

3 Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973; '*an Chomhairle* v *Front Polisario*').

4 Breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118; '*Western Sahara Campaign UK*').

5 *An Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 108, agus *Western Sahara Campaign UK*, mír 64.

6 Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil an Choiste um Fhaisnéis ó Chríocha Neamh-Féinrialaitheacha. Forlíonadh Uimh. 14 (A/5514) (1963), Iarscríbhinn III 'Liosta na gCríoch Neamh-Féinrialaitheach faoi Chaibidil XI den Chairt an 31 Nollaig 1962 rangaithe de réir réigiúin gheografacha'.

7 Féach Tuairim Chomhairleach na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta an 16 Deireadh Fómhair 1975, an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, mír 162). D'fhonn cur síos níos mionsonraithe a fháil ar na himeachtaí a tharla roimh staid pholaitiúil reatha an tSahára Thiar, féach ar mo Thuairimí den lá atá inniu ann i gCásanna Uamtha C-778/21 P agus C-798/21 P *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, pointí 5 go 15, agus i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P, *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, pointí 8 go 28.

8. Ní ábhar nua don Chúirt í an choimhlint sa Sahára Thiar. Á aithint dó go bhfuil an ceart féinchinntiúcháin ina cheangal ar an Aontas Eorpach agus é i mbun caidreamh seachtrach, chinn an Chúirt in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, go bhfuil stádas ag críoch an tSahára Thiar atá leithleach agus éagsúil ó chríoch aon Stáit, lena n-áirítear ó Ríocht Mharacó. [8]

9. Ar an mbonn sin, rinne an Chúirt an Comhaontú Comhlachais agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a léiriú, [9] a raibh a gcur i bhfeidhm críochach teoranta faoi seach do 'chríoch Ríocht Mharacó' agus do na 'huiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ríocht Mharacó', ar chaoi a gciallaíonn nach gcuirtear críoch an tSahára Thiar ná na huiscí in aice leis san áireamh. [10]

10. Thug an Chomhairle treoir don Choimisiún gníomhú ar bhonn bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*. [11] Léirítear toradh na caibidlíochta le Ríocht Mharacó a tharla ina dhiaidh sin, ar thaobh amháin, i gcomhaontú lena leathnaítear fabhair tharaife chuig earraí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar, [12] agus, ar thaobh eile, leis an gcomhaontú agus leis an bprótacal cur chun feidhme a bhaineann le hiascaireacht inbhuanaithe sna huiscí in aice leis an Sahára Thiar. [13]

11. Tá Front Polisario tar éis agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí lena bhformheastar na comhaontuithe sin. Tá na hachomhairc i gcoinne bhreithiúnais na Cúirte Ginearálta, trínar chuir sí na cinntí sin ar neamhní, [14] ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais. Bonn ar bhonn leis an Tuairim reatha, tabharfaidh mé mo Thuairimí sa dá shraith achomharc sin inniu freisin. [15] Mar sin féin, agus is cuma cé acu an leanfaidh an Chúirt mo Thuairimí sna cásanna sin, ní dhéanfaidh a dtoradh difear do réiteach an cháis reatha.

12. Sa chás seo, is é Confédération paysanne, aontas talmhaíochta Francach, an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí os comhair na cúirte náisiúnta. Lorg sé ordú ó na hAireachtaí *lena dtoirmisctear allmhairiú* na dtáirgí atá i gceist a bhaintear ar chríoch an tSahára Thiar. Déantar na táirgí sin a allmhairiú agus a mhargú sa Fhrainc le lipéad orthu lena dtaispeántar Ríocht

8 *An Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 92, agus *Western Sahara Campaign UK*, mír 69.

9 An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2000 L 70, lch. 2; 'an Comhaontú Comhlachais'), a bhí i gceist in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2006 L 141, lch. 4; 'an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh'), a bhí i gceist in *Western Sahara Campaign UK*.

10 *An Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 92, agus in *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 64 agus 69.

11 Féach Cinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 219 L 34, lch. 1), agus Cinneadh (AE) 2019/441 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, agus an Malartú Litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (IO 2019 L 77, lch. 4).

12 Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 4; 'an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha').

13 Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2019 L 77, lch. 8), agus an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2019 L 77, lch. 18).

14 Féach breithiúnais an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, EU:T:2021:639), agus an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-344/19 agus T-356/19, EU:T:2021:640).

15 Féach nóta 7 den Tuairim seo.

Mharacó mar a n-áit tionscnaimh.[16] Maíonn an t-iarratasóir go bhfuil sé seo contrártha do cheanglais lipéadaithe an Aontais d'earraí bia trína sainordaítear lipéadú tír thionscnaimh cheart an táirge. Áitíonn an t-iarratasóir, nuair a allmhairítear na táirgí atá i gceist isteach sa Fhrainc, go luann siad go mícheart Ríocht Mharacó mar a dtír thionscnaimh in ionad chríoch an tSahára Thiar. Ba cheart, dá bhrí sin, a n-allmhairiú a thoirmeasc.

13. Ós rud é gur dhiúltaigh na hAireachtaí go hintuigthe don iarratas sin, thionscain an t-iarratasóir caingean os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit).

14. Tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go gceanglaítear leis na rialacha is infheidhme tír thionscnaimh táirge bia nó críoch thionscnaimh an táirge bia a shonrú. Ní mór, i bprionsabal, an ceanglas sin, ar gné é de mhargaíocht táirgí bia, a chomhlíonadh tráth an allmhairithe. Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire freisin, áfach, nach dtugtar an chumhacht go sainráite leis na rialacháin is infheidhme do na Ballstáit bearta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú tháirgí nach gcomhlíonann an ceanglas sin maidir le lipéadú tionscnaimh. Thairis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, tagann an cheist chun cinn cé acu an gá a léiriú go gceanglaítear le rialacha an Aontais maidir le lipéadú earraí bia nach féidir le táirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar tagairt a dhéanamh do Ríocht Mharacó mar thír thionscnaimh ach nach mór tagairt a dhéanamh ina ionad sin do chríoch an tSahára Thiar.

15. Sna himthosca sin, chinn an Conseil d'État bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An bhfuil forálacha Rialachán Uimh. 1169/2011, Rialachán Uimh. 1308/2011 Rialachán Uimh. 543/2011 agus Rialachán Uimh. 952/2013 le léiriú mar fhorálacha lena n-údaraítear do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairí, de thionscnamh tíre áirithe, de thorthaí agus glasraí a sháraíonn Airteagal 26 de Rialachán Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013 toisc nach luaitear orthu an tír nó an chríoch a bhfuil siad dá tionscnamh i ndáiríre, go háirithe nuair atá an fhaillí sin ollmhór agus go mbeidh sé fíor dheacair iad a rialú nuair a bheidh na táirgí tar éis dul isteach i gcríoch an Aontais?

(2) Sa chás go bhfuil freagra na chéad cheiste dearfach, an bhfuil an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, arna cheadú le Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 lena leasaítear Prótacail 1 agus 4 ar Chomhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara an 26 Feabhra 1996 lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Maracó, le léiriú ar chaoi a gciallaíonn, maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 9 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2011, ar thaobh amháin, go bhfuil Maracó mar thír thionscnaimh ag torthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar agus, ar an taobh eile, go bhfuil údaráis Mharacó inniúil ar na deimhnithe comhréireachta dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 543/2011 a eisiúint do thorthaí agus do ghlasraí a baineadh sa chríoch sin?

[16] Féach, chuige sin, na haighneachtaí sa chás os comhair an Conseil d'Etat (Comhairle Stáit na Fraince) ón rapóirtéir poiblí Bokdam-Tognetti, a mhíníonn '*des melons et tomates produits dans la région de Dakhla, c'est-à-dire au Sahara occidental, sont effectivement importés et commercialisés en France en mentionnant le Maroc comme pays d'origine, sans indication faisant état du Sahara occidenta*' ('déantar mealbhacáin agus trátaí a tháirgtear i réigiún Dakhla, is é sin le rá, sa Sahára Thiar, a allmhairiú agus a mhargú go hiarbhír sa Fhrainc, ag lua Maracó mar an tír thionscnaimh, gan aon trácht ar an Sahára Thiar'): aighneachtaí ó Emilie Bokdam -Tognetti, rapóirtéir poiblí, Uimh. 445088 – Confédération paysanne (9 Meitheamh 2022).

(3) Sa chás go bhfuil freagra na dara ceiste dearfach, an bhfuil cinneadh na Comhairle an 28 Eanáir 2019, ag ceadú an chomhaontaithe sin i bhfoirm malartú litreacha, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, le hAirteagal 21 den Chonradh sin agus le gnáthphrionsabal an fhéinchinntiúcháin arna mheabhrú, *inter alia*, in Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe?

(4) Ar cheart Airteagail 9 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn, ag céim na hallmhairithe agus céim an díola don tomhaltóir, nach féidir le pacáistiú ar thorthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar Maracó a lua mar thír thionscnaimh agus nach mór críoch an tSahára Thiar a lua?'

16. Chuir an Confédération paysanne, Rialtas na Fraince, an Chomhairle agus an Coimisiún barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte. Chuir na páirtithe sin argóint ó bhéal i láthair freisin ag an éisteacht a tionóladh an 24 Deireadh Fómhair 2023.

III. Anailís

17. Mar a mhínítear thuas, déileáiltear leis an tarchur reatha chun réamhrialú i gcomhthráth le dhá shraith achomharc ar a bhfuilim ag tabhairt mo Thuairim inniu freisin.[17] Baineann ceann amháin den dá achomharc le bailíocht na cóireála fabhraí a deonaíodh, *inter alia*, do na táirgí atá i gceist a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach ó chríoch an tSahára Thiar.[18]

18. Cibé toradh a thiocfaidh as na hachomhairc sin, tá an dá cheist a tharchuir an Chúirt go ndíreoinn m'anailís orthu, eadhon Ceisteanna 1 agus 4 arna dtagairt, fós ábhartha.[19]

19. Tabharfaidh mé aghaidh ar an dá cheist sin ar a seal. Maidir le Ceist 1, déanfaidh mé measúnú cé acu an bhfuil an inniúlacht ag na Ballstáit faoi dhlí an Aontais toirmeasc aontaobhach a chur ar an allmhairiú d'earraí áirithe isteach san Aontas Eorpach a líomhnaítear nach bhfuil lipéad ceart de chuid na tíre tionscnaimh orthu.[20] Maidir le Ceist 4, dá dtagraítear, breithneoidh mé ar cheart go léireofaí na táirgí atá i gceist an Sahára Thiar mar a dtír thionscnaimh, agus cé acu an bhféadfaidh siad Ríocht Mharacó a léiriú mar a dtír thionscnaimh.

17 Cásanna Uamtha C-778/21P agus C-798/21P *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* agus Cásanna Uamtha C-779/21P agus C-799/21P *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*.

18 I gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, déanann an Coimisiún agus an Chomhairle faoi seach agóid i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, EU:T:2021:639), inar chinn an chúirt sin gur mhainnigh an Chomhairle comhlíonadh le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí arna léiriú ag an gCúirt i mír 106 de *an Chomhairle* v *Front Polisario*.

19 Le ceist 3 d'ordú na cúirte a rinne an tarchur, nach ndéileálfaidh mé léi sa Tuairim seo, ardaítear an cheist faoi bhailíocht Chinneadh 2019/217; is saincheist í sin a dhéanfaidh mé measúnú uirthi ar leithligh i mo Thuairim i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*.

20 Beidh sé léir ó mo Thuairim, i bhfianaise an fhreagra a bheartaím a thabhairt ar Cheist 1, nach mbeidh aon ghá don Chúirt Ceisteanna 2 agus 3 a fhreagairt (toisc go bhfuil na ceisteanna sin, arna gcur le chéile, ag brath ar fhreagra dearfach ar Cheist 1). Mar a mhíneoidh mé freisin i bpointe 56 *et seq*. den Tuairim seo, i bhfianaise mo fhreagra molta ar Cheist 1, d'fhéadfaí argóint a thabhairt freisin nach gá aon fhreagra a thabhairt ar Cheist 4.

A. An chéad cheist

1. An cheist a athchur le chéile

20. Sula rachaidh mé i mbun substainte Cheist 1, measaim gur gá í a athchur le chéile. Measaim é sin toisc go míníonn an chúirt a rinne an tarchur an gá atá le treoir maidir le Ceist 1 trí thagairt a dhéanamh don Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí,[21] an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta,[22] an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí,[23] agus Cód Custaim an Aontais[24] mar bhunúis dlí fhéideartha don toirmeasc aontaobhach ar allmhairí atá á lorg ag an iarratasóir.

21. Is beart beartais lena rialaítear trádáil earraí é toirmeasc ar an allmhairiú de tháirgí áirithe,[25] ábhar a thagann, i gcomhréir le hAirteagal 207(1) CFAE, faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála. Go deimhin, ina tarchur chun réamhrialú, míníonn an chúirt a rinne an tarchur nach mbaineann an beart atá á lorg ag an iarratasóir le *toirmeasc ar dhíolacháin nó ar mhargaíocht* de na táirgí atá i gceist sa Fhrainc. Ina áit sin, d'iarr an t-iarratasóir ar údaráis na Fraince toirmeasc ar *allmhairiú* a fhorchur go haontaobhach ar na táirgí sin de thionscnamh an tSahára Thiar mar gheall ar an sárú líomhainte ar cheanglais AE maidir le lipéadú earraí bia.

22. Toisc gur beartas eisiach de chuid an Aontais Eorpaigh an comhbheartas tráchtála,[26] níl an inniúlacht ag an bhFrainc toirmeasc ar allmhairí a fhorchur mura rud é go dtugann an tAontas Eorpach an chumhacht di nó go n-iarrann sé uirthi déanamh amhlaidh.

23. Cé is moite de Chód Custaim an Aontais, baineann gach rialachán eile atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur le lipéadú AE ar earraí bia ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin, níor achtaíodh na rialacháin sin ar bhonn fhorálacha na gConarthaí lena rialaítear trádáil le tríú tíortha agus an chomhbheartais tráchtála (Airteagail 206 nó 207 CFAE), ach amháin i gcás Chód Custaim an Aontais. Ina ionad sin, achtaíodh iad ar bhonn na n-airteagal lena rialaítear talmhaíocht (Airteagal 43 CFAE) agus an margadh inmheánach (Airteagal 114 CFAE).

21 Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304 22.11.2011, lch. 18) ('an Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí').

22 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, 20.12.2013, lch. 671) ('an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta').

23 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus na hearnálacha torthaí agus glasraí próiseáilte (IO 2011 L 157, lch. 1) ('an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí').

24 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269 10.10.2013, lch. 1) ('Cód Custaim an Aontais').

25 Rialachán (CEE) Uimh. 990/93 ón gComhairle an 26 Aibreán 1993 maidir le trádáil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Chónaidhme na hIúgslaive (An tSeirbia agus Montainéagró) (IO 1993 L 102, lch. 14), lenar forchuireadh trádbhac ar tháirgí áirithe ó Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive (an tSeirbia agus Montainéagró), nó ar idirthuras tríd, agus a glacadh ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (Airteagal 207 CFAE anois).

26 Airteagal 3(1)(e) CFAE.

24. Ós rud é nach ndéanann siad rialáil ar thrádáil le tríú tíortha, ní fhéadtar le Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí, an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí cumhacht a thabhairt don Fhrainc chun an beart arna iarradh a ghlacadh. Ar chaoi ar bith, ní údaraítear le haon cheann de na rialacháin sin do na Ballstáit allmhairiú táirgí neamhchomhréireacha a thoirmeasc go haontaobhach. [27]

25. D'fhonn freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, molaim dá bhrí sin Ceist 1 a athfhoirmliú chun a fhiafraí ina ionad sin cé acu an údaraítear nó nach n-údaraítear le dlí an Aontais, go háirithe Cód Custaim an Aontais, do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú torthaí agus glasraí nach bhfuil lipéad ceart de chuid na tíre tionscnaimh orthu.

2. Measúnú

26. Mar atá mínithe agam i bpointe 21 den Tuairim seo, is ábhar den chomhbheartas tráchtála í trádáil earraí. Ní mór an beartas sin a bheith rialaithe le prionsabail aonfhoirmeacha. [28]

27. Faoi Airteagal 3(1)(e) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach i réimse an chomhbheartais tráchtála. Ciallaíonn sé sin nach féidir ach leis an Aontas Eorpach reachtaíocht a rith agus gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaineann le trádáil earraí le tríú tíortha a ghlacadh. [29]

28. Is í iarmhairt an leithdháilte inniúlachta sin ná go gcuirtear cosc ar na Ballstáit gníomhú i réimse na trádála idirnáisiúnta mura dtugtar cumhacht shonrach dóibh é sin a dhéanamh ag an Aontas Eorpach, nó i gcás ina gcuireann siad gníomhartha an Aontais chun feidhme.

29. Is í an cheist atá os comhair na Cúirte, dá bhrí sin, cé acu an dtugtar nó nach dtugtar cumhachtaí uathrialacha do na Ballstáit le dlí príomhúil nó tánaisteach an Aontais, an cineál beart aontaobhach arna iarradh ag an iarratasóir a chur i bhfeidhm.

30. Ar leibhéal dhlí príomhúil an Aontais, is é an freagra atá air sin ná nach dtugtar cumhachtaí uathrialacha dóibh. Ní fhoráiltear leis na Conarthaí d'fhoráil lena dtugtar de chumhacht do na Ballstáit bearta aontaobhacha a chur i bhfeidhm lena sriantar nó lena cuirtear ar fionraí trádáil le tríú Stát nó le tríú críoch. [30]

27 Mar a mhíníonn Rialtas na Fraince, cé go n-ordaítear sa Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí go ndéanfaidh oibreoirí lipéadú ceart ar na hearraí bia a mhargaíonn siad (Airteagal 8(2)), ní chuirtear cosc leis na táirgí céanna a allmhairiú mura gcomhlíonann an lipéad forálacha an rialacháin sin. Ina theannta sin, in Airteagal 38(1) den rialachán céanna, cuirtear toirmeasc go sonrach ar na Ballstáit bearta a ghlacadh nó a choimeád nach n-údaraítear le dlí an Aontais iad. Ar an gcaoi chéanna, cé go bhforáiltear le hAirteagal 33(3)(f) den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta go bhféadfaí tarraingt siar ón margadh a dhéanamh, ní leathnaítear leis an gcumhacht sin, ar féidir leis an gCoimisiún ar aon nós teorainn a chur uirthi (Airteagal 37(d)), srian a chur ar allmhairiú de tháirgí neamhchomhréireacha. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh ach an Coimisiún bearta éigeandála, ar dealraitheach go gcuimseofaí leo bearta a bhaineann le trádáil, a ghlacadh (aithrisí 189 agus 201, agus Airteagal 221). Tá feidhm aige seo freisin i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí, cé go sonraítear ann go bhfuil na Ballstáit inniúil chun cur i bhfeidhm ceart na gcaighdeán margaíochta trí sheiceálacha comhréireachta a fhíorú (féach, go háirithe, Airteagal 9(1)), nach n-údaraítear na Ballstáit chun bearta a chur i bhfeidhm lena dtoirmisctear an *t-allmhairiú* de tháirgí neamhchomhréireacha.

28 Go deimhin, i bhfoclaíocht Airteagal 207(1) CFAE, tagraítear don chomhbheartas tráchtála a bheith bunaithe ar 'phrionsabail aonfhoirmeacha'.

29 Féach Airteagal 2(1) CFAE.

30 Ní gá a rá, go bhféadtar Airteagal 207 CFAE a fheidhmiú i gcónaí mar bhunús dlí d'fhonn an *beart AE* a thabhairt isteach chun trádáil le tríú Stát nó le tríú críoch a chur ar fionraí: féach, mar shampla, Rialachán (CEE) Uimh. 1432/92 ón gComhairle an 1 Meitheamh 1992 lena dtoirmisctear trádáil idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblachtaí na Seirbia agus Montainéagró (IO 1992 L 151, lch. 4), lenar tugadh isteach trádbhac lenar cumhdaíodh na hallmhairí go léir isteach i gcríoch an Chomhphobail (mar a bhí) ó Phoblacht Chónaidhme na hÚgslaive mar aon le gach onnmhairiú ón gComhphobal chuig an tír sin.

31. Measaim gurb é an loighic atá taobh thiar den chur chuige sin go príomha ná an baol atá ann buntréithe chumhachtaí an Aontais Eorpaigh agus a institiúidí a shaobhadh, mar a fhoráiltear sa Chonradh. [31]

32. Ar an dara dul síos, le bearta den sórt sin, chuirfí aonfhoirmeachas bheartas trádála seachtraí an Aontais Eorpaigh i mbaol, rud a bhainfí an bonn de cheann de na prionsabail bhunúsacha ar a bhfuil an comhbheartas tráchtála bunaithe. [32]

33. Ar deireadh, thar cuma seachtrach an Aontais Eorpaigh mar chomhpháirtí trádála iontaofa, tá baol ann de bheith neamhchosanta ar dhliteanais os comhair an Chomhlachta um Réiteach Díospóide ETD. [33]

34. Ar leibhéal dhlí tánaisteach an Aontais, tá an freagra níos caolchúisí.

35. Tá fasach amháin ar a laghad ann do na himthosca ina gceadaíonn an tAontas Eorpach do na Ballstáit, faoi réir coinníollacha áirithe, bearta náisiúnta sonracha a choimeád ar bun, lena dtéitear i bhfeidhm, ó cheart, ar an leithdháileadh inniúlachta faoin gcomhbheartas tráchtála. [34] Is annamh é sin, áfach.

36. Is iad na hionstraimí sonracha, lena gceadaítear don Aontas Eorpach bearta cosanta áirithe a ghlacadh maidir le trádáil le tríú Stáit nó le tríú críocha, atá níos coitianta. [35] Sna cásanna sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta áirithe a chur i bhfeidhm chun scaoileadh táirgí neamh-AE i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh a rialáil agus, más gá, [36] ach ina chuid de. [37]

37. Is fíor, mar a áitíonn Rialtas na Fraince, go bhfuil forálacha sa Bhun-Rialachán um Allmhairiú agus i gCód Custaim an Aontais araon lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Ballstáit bearta trádála aontaobhacha a thabhairt isteach i gcásanna eisceachtúla. Mar sin, foráiltear le hAirteagal 24(2)(a) den Bhun-Rialachán um Allmhairiú 'ní cuirfidh an Rialachán seo bac ar na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm [...] toirmisc, srianta cainníochtúla ná bearta faireachais ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí'. Ar an gcaoi

31 Féach, chuige sin, Tuairim 1/00 (*Comhaontú maidir le Comhlimistéar Eitlíochta Eorpach a bhunú*) an 18 Aibreán 2002 (EU:C:2002:231, mír 12 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Féach Airteagal 207(1) CFAE, lena sonraítear 'Fothófar an comhbheartas tráchtála ar phrionsabail aonfhoirmeacha, go háirithe maidir [...] le haonfhoirmeachas a ghnóthú i mbearta léirscaoilte'. Féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Iúil 1994, *Anastasia agus páirtithe eile* (C-432/92, EU:C:1994:277, mír 53) (lena mínítear go gcruthaítear le cleachtais éagsúla i measc na mBallstát 'éiginnteacht de chineál ar dóigh di an bonn a bhaint de chomhbheartas tráchtála').

33 Féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Ardoideachas)* (C-66/18, EU:C:2020:792, mír 84).

34 Féach Rialachán (AE) Uimh. 1219/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 lena mbunaítear socruithe idirthréimhseacha le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha infheistíochta idir na Ballstáit agus tríú tíortha (IO 2012 L 351, lch. 40), lena gceadaítear, faoi réir coinníollacha áirithe, ar na Ballstáit a gconarthaí déthaobhacha infheistíochta ('BITanna') atá ann cheana a choimeád i bhfeidhm agus leasú a dhéanamh orthu, chomh maith le BITanna nua a thabhairt i gcrích, agus ceangal á chur orthu go ginearálta deireadh a chur le neamhluí idir na conarthaí déthaobhacha infheistíochta sin agus dlí an Aontais.

35 Féach, mar shampla, na bearta coimirce atá beartaithe i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha allmhairí (IO 2015 L 83, lch. 16; 'an Bun-Rialachán um allmhairiú') (lena gcumhdaítear allmhairí maidir le tíortha agus le críocha ar baill de EDT iad), agus de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO 2015 L 123, lch. 33) (lena gcumhdaítear allmhairí ó thíortha nach baill de EDT iad).

36 Féach, mar shampla, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear beart cosanta cinntitheach ar allmhairí táirgí cruach áirithe (IO 2019 L 31, lch. 27) (lena bhforchuirtear taraif-chuóta de 25 % ar chatagóirí áirithe táirgí cruach a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas Eorpach ar feadh tréimhse 3 bliana).

37 Féach Airteagal 17 den Bhun-Rialachán um Allmhairiú agus Airteagal 15 de Rialachán 2015/755. Le haghaidh sampla le déanaí a fháil de bheart cosanta 'réigiúnach' den sórt sin, féach Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/1100, Airteagal 1 (lena gcuirtear srian ar allmhairí cruithneachta, arbhar Indiach, ráibe (ola ráibe) agus síolta lus na gréine de thionscnamh na hÚcráine sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin nó sa tSlóvaic a scaoileadh i saorchúrsaíocht).

chéanna, de bhun Airteagal 134(1) de Chód Custaim an Aontais, '[go bhféadfaidh] earraí arna dtabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais […] a bheith faoi réir rialuithe custaim' agus, 'i gcás inarb infheidhme, beidh siad faoi réir na dtoirmeasc agus na srianta sin a bhfuil bonn cirt leo ar mhaithe, *inter alia*, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí.'

38. Mar sin féin, is léir nach ionann na forálacha sin agus buanúdarú, ar leibhéal dhlí tánaisteach an Aontais, chun bearta aontaobhacha a thabhairt isteach chun allmhairí a chur ar fionraí mar gheall ar sháruithe líomhainte ar cheanglais lipéadú bia an Aontais.

39. Ar an gcéad dul síos, ní mór na cineálacha beart a shamhlaítear le hAirteagal 24(2)(a) den Bhun-Rialachán um Allmhairiú a chur i bhfeidhm *erga omnes* a mhéid atá siad dírithe ar bhaill EDT agus a bhaineann siad, mar sin de, le gach allmhairiú den táirge lena mbaineann, beag beann ar a thionscnamh.[38] Ní fhéadfaidh an cineál birt atá á lorg ón bhFrainc i gcoinne táirgí de thionscnamh Ríocht Mharacó amháin, atá ina bhall de EDT, teacht faoi raon feidhme na forála sin.

40. Ina theannta sin, ní mór na bearta atá beartaithe in Airteagal 24(2)(a) den Bhun-Rialachán um Allmhairiú a fhorchur, *inter alia*, 'ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí'. Cumasaítear leis an bhforáil sin, dá réir sin, dul i bhfeidhm leis an tsaoirse chun trádála[39] ar chúiseanna sonracha leasa ghinearálta atá inchomparáide leo siúd a leagtar amach in Airteagal 36 CFAE.[40]

41. Ní chuirim as an áireamh an fhéidearthacht go bhféadfadh go gcumhdófaí leis an gcoincheap de 'moráltacht phoiblí' go háirithe, lena gcuirtear in iúl na creidimh de cheart agus mícheart ag pobal ar leith, lipéadú bréagach nó míthreorach ar tháirgí bia.

42. Mar sin féin, i bhfianaise an léirithe chúng nach mór a thabhairt ar na cineálacha maoluithe a shamhlaítear le hAirteagal 24(2)(a) den Bhun-Rialachán um Allmhairiú,[41] níl mé cinnte go bhféadfadh sárú ar chaighdeáin chomhchuibhithe *margaíochta* AE bheith ina gcúis le srian a chur ar an *allmhairiú* de chineál ar leith táirge isteach i mBallstát amháin.

43. Go deimhin, mar a mhínigh Rialtas na Fraince, is léir nach féidir breathnú ar léirscaoileadh allmhairí earraí ó thríú tíortha trí bhíthin an Bhun-Rialacháin um Allmhairiú agus Chód Custaim an Aontais go bhfuil sé mar aidhm ná d'éifeacht acu an mhargaíocht iardain de na hallmhairí sin a léirscaoileadh.

38 Féach, chuige sin, Airteagal 2(1) den Chomhaontú EDT maidir le coimircí, lena leagtar síos an ceanglas sin agus nach mór de a bheith mar bhonn eolais le léamh an Bhun-Rialacháin um Allmhairiú. Féach, de réir analaí, breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún* v *Hubei Xinyegang Special Tube* (C-891/19 P, EU:C:2022:38, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear) (ina mínítear go gceanglaítear leis an bprionsabal de *pata sunt servanda* léiriú i gcomhréir le reachtaíocht thánaisteach an Aontais a achtaíodh i bhfianaise cheann de na comhaontuithe EDT).

39 Cé nár aithin an Chúirt riamh an tsaoirse chun trádáil a dhéanamh go hidirnáisiúnta, d'fhéadfaí a áitiú ar a laghad go gcothaítear leis na Conarthaí laistigh freisin de bheartas trádála seachtraí an Aontais Eorpaigh an smaoineamh den chineál céanna ord margaidh léirscaoilte a chuir tús leis an tionscadal Eorpach *ab initio*. Mar thaca leis an argóint sin, féach Petersmann, E.-U., 'National constitutions and international economic law', in Hilf, M., agus Petersmann, E.-U. (eds), *National constitutions and international economic law*, Kluwer, Bielefeld, 1993, lch. 24. Chun tuairim chontrártha a fháil, féach Peers, S., 'Fundamental right or political whim? WTO law and the European Court of Justice', in de Burca, G., agus Scott, J. (eds), *The EU and the WTO: Legal and Constitutional Issues*, Bloomsbury Publishing, 2001, lch. 129.

40 Féach breithiúnas an 30 Bealtaine 2002, *Expo Casa Manta* (C-296/00, EU:C:2002:316, mír 34) (ag tarraingt analaí leis an bhforáil a bhí ann roimhe seo d'Airteagal 24 den Bhun-Rialachán um Allmhairiú agus d'Airteagal 36 CFAE).

41 Féach, de réir analaí, breithiúnas an 10 Eanáir 1985, *Association des Centres distributionurs Leclerc agus Thouars Distribution* (229/83, EU:C:1985:1, mír 30) (ina mínítear nach mór na maoluithe ar Airteagal 36 CFAE mar atá anois ann a léiriú ar bhealach cúng).

44. Níl sé sin ach loighciúil ós rud é, i saolré tháirge a allmhairítear lena dhíol ar mhargadh an Aontais Eorpaigh, go dtarlaíonn an chéim *allmhairithe* roimh an gcéim *mhargaíochta*.

45. Cinnte, féadfaidh an dá chéim sin a bheith mar 'chomhlánú riachtanach' dá chéile.[42]

46. Mar sin féin, ní gá go bhféadfaí a thabhairt le tuiscint go gcomhlíontar na rialacha maidir le lipéadú tomhaltóirí de bharr imréiteach custaim rathúil de tháirge; agus a mhalairt: mar a thug an Chúirt faoi deara ina breithiúnas in *Expo Casa Manta*, 'díreach cosúil le táirge a mhonaraítear go dleathach laistigh den Chomhphobal nach bhféadtar a chur ar an margadh ar an bhforas sin amháin, ní thugtar le tuiscint le hallmhairiú dleathach táirge go gceadófar go huathoibríoch é ar an margadh'.[43]

47. Ach fiú dá nglacfaí leis (go mícheart) go dtugtar le tuiscint le himréiteach custaim táirge go gcomhlíontar rialacha maidir le lipéadú tomhaltóirí, bheadh an beart a shamhlaíonn an t-iarratasóir neamhéifeachtach, ar aon nós, ós rud é go bhféadfaí na táirgí atá i gceist, i gcás ina n-allmhairítear iad trí Bhallstáit eile, a mhargú fós le tomhaltóirí na Fraince.

48. Sa chomhthéacs sin, ní mheasaim go bhfuil bonn cirt leis gur féidir le Ballstát brath ar fhoras na moráltachta poiblí chun srian a chur ar allmhairiú de tháirgí áirithe ó thríú Stáit go haontaobhach (agus dá réir sin cur isteach ar chúrsaíocht an táirge sin laistigh den Aontas) ar an bhforas de shárú líomhainte ar chaighdeáin mhargaíochta chomhchuibhithe AE a leigheas.

49. Ar an dara dul síos, níl feidhm ag an maoirseacht chustaim a shamhlaítear le hAirteagal 134(1) de Chód Custaim an Aontais mar chumhacht neamhspleách chun a údarú do Bhallstáit, *inter alia*, toirmisc ar allmhairiú táirgí áirithe a thabhairt isteach.

50. Ina ionad sin, samhlaítear le coincheap na maoirseachta custaim cineál áirithe stádais dhlíthiúil do tháirgí a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach. Is ar bhonn an stádais sin a dhéanann na húdaráis náisiúnta custaim rialuithe custaim ansin.[44] Áirítear leis na rialuithe sin fíorú na cóireála a fhorchuirtear ar na hearraí atá i gceist (mar shampla, a gcóireáil fhabhrach taraife) agus comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar an allmhaireoir ábhartha (mar shampla, dleachtanna custaim agus dleachtanna ar allmhairí a íoc).

51. Ina theannta sin, ní mór an cineál birt atá á rialú ag maoirseacht chustaim a bheith bunaithe é féin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit chur chun feidhme. Is iad sin na cineálacha toirmisc agus srianta dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 134(1) de Chód Custaim an Aontais.[45]

42 Chun teanga Tuairim an Abhcóide Ginearálta Geelhoed a úsáid in *Expo Casa Manta* (C-296/00, EU:C:2002:28, pointe 27).

43 Breithiúnas an 30 Bealtaine 2002, *Expo Casa Manta* (C-296/00, EU:C:2002:316, mír 31).

44 Sainmhínítear coincheap na rialuithe custaim in Airteagal 5(3) de Chód Custaim an Aontais mar 'gníomhartha sainiúla a dhéanann údaráis chustaim chun a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht chustaim agus an reachtaíocht eile a chomhlíonadh, lena rialaítear tabhairt isteach earraí, tabhairt amach earraí, idirthuras earraí, gluaiseacht earraí, stóráil earraí agus úsáid deiridh earraí a ghluaistear idir críoch chustaim an Aontais agus tíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin, agus láithreacht agus gluaiseacht earraí nach earraí de chuid an Aontais iad laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus earraí a chuirtear faoin nós imeachta um úsáid deiridh'.

45 Is é sin le rá '[toirmisc] agus srianta a bhfuil bonn cirt leo ar mhaithe, *inter alia*, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí'.

52. Sa chás seo, áfach, ní tharraingíonn an t-iarratasóir aird ar aon fhoráil de dhlí an Aontais nó de dhlí Ballstáit cur chun feidhme a thabharfadh de chumhacht don Fhrainc na bearta a lorgaítear ó na hAireachtaí a ghlacadh. [46]

53. Dá bhrí sin, ní féidir brath ar Chód Custaim an Aontais ná ar an mBun-Rialachán um Allmhairiú iontu féin chun a údarú do Rialtas na Fraince toirmeasc aontaobhach ar allmhairí a chur i bhfeidhm ar tháirgí áirithe de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar toisc nach dtaispeántar lipéad ceart de chuid na tíre tionscnaimh orthu.

54. Dá bhrí sin, molaim go dtabharfaidh an Chúirt freagra diúltach ar Cheist 1.

B. Ceist 4

55. I gCeist 4, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart na rialacha ábhartha maidir le lipéadú earraí bia AE a léiriú ar chaoi a gciallaíonn, *ag céim an allmhairithe agus céim an díola leis an tomhaltóir*, nach féidir le pacáistiú ar thorthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar Maracó a lua mar thír thionscnaimh agus nach mór críoch an tSahára Thiar a lua.

1. Inghlacthacht

56. Ina gcuid barúlacha i scríbhinn a chuirtear faoi bhráid na Cúirte, cuireann Rialtas na Fraince agus an Coimisiún i gcoinne inghlacthacht na ceiste sin. Áitíonn an bheirt go bhfuil réiteach na díospóide os comhair na cúirte a rinne an tarchur teoranta do dhlíthiúlacht chinneadh intuigthe na nAireachtaí gan allmhairí na dtáirgí atá i gceist ó chríoch an Sahára Thiar a thoirmeasc go haontaobhach. Chun an chonspóid sin a chinneadh ní gá dá bhrí sin freagra a thabhairt ar an gceist ar cheart do tháirgí a allmhairítear ón Sahára Thiar an chríoch sin a léiriú mar an chríoch thionscnaimh.

57. Dar liomsa ní léir ó thagairt na cúirte a rinne an tarchur nach bhfuil baint ar bith ag léiriú ar na rialacha maidir le lipéadú AE ar earraí bia do na táirgí atá i gceist le fíorais iarbhír na príomhchaingne ná lena cuspóir.

58. Le hAirteagal 267 CFAE bunaítear an nós imeachta maidir le comhar díreach idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna na mBallstát. [47] Sa nós imeachta sin, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir fheidhmeanna, is í an chúirt náisiúnta a chinneann na heilimintí de dhlí an Aontais a dteastaíonn uaithi chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, ós rud é gurb í an chúirt sin amháin atá freagrach freisin as an gcinneadh atá le glacadh. [48] Mar sin tá toimhde ábhartha ag ceisteanna cúirte náisiúnta, agus tá ceangal ar an gCúirt i bprionsabal rialú a thabhairt. [49]

[46] Ach fiú dá mbeadh a leithéid de chumhachtú ann, d'áiteoinn go bhfuil na fírinnithe ar a mbonn a bhféadfaí bearta den sórt sin a ghlacadh, chomh maith le teorainneacha na mbeart sin, mar an gcéanna leo siúd a pléadh i bpointe 40 *et seq*. den Tuairim seo, ar choinníoll nach ndéantar cumhachtaí an Aontais Eorpaigh agus a chuid institiúidí a shaobhadh (féach, mar an gcéanna, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-13/07, EU:C:2009:190, pointe 83).

[47] Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Nollaig 1965, *Singer* (44/65, EU:C:1965:122, lch. 971).

[48] Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Nollaig 1981, *Foglia* (244/80, EU:C:1981:302, mír 15).

[49] Féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 1999, *Beck agus Bergdorf* (C-355/97, EU:C:1999:391, mír 22).

59. Ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú ar cheist a tharchuireann cúirt náisiúnta chuici ach amháin i gcás inar léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú ar dhlí an Aontais a iarrtar le fíorais iarbhír na príomhchaingne ná lena Aidhm, i gcás nach bhfuil san fhadhb ach cur i gcás nó i gcás nach bhfuil na fíricí agus dlí ábhartha is gá ag an gCúirt le freagra fónta a thabhairt ar na ceisteanna arna gcur os a comhair. [50]

60. Sa chás seo, cé nach mbaineann Ceist 1 ach leis an toirmeasc ar allmhairí, ní léir nach raibh an beart a lorgaíodh os comhair na cúirte a rinne an tarchur ceaptha chun céim an allmhairithe agus cur ar fáil na dtáirgí lena mbaineann don tomhaltóir ar mhargadh na Fraince araon a chumhdach. Cuirtear Ceist 4 freisin san ordú ón gcúirt a rinne an tarchur ar bhealach a thagraíonn don dá chéim sin.

61. Cé go bhfuilim den tuairim nach féidir an dá chéim sin a chomhcheangal (féach freisin pointe 44 den Tuairim seo), is léir go mbaineann iarratas an iarratasóra, cibé acu an bhfuil bunús maith leis nó nach bhfuil, le comhlíonadh cheanglais an Aontais maidir le lipéadú ar earraí bia do na táirgí i dtrácht. Is cosúil go bhfuil an eilimint sin úsáideach mar sin do chúram na cúirte a rinne an tarchur chun cinneadh a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh intuigthe atá i gceist. Ina theannta sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil an chumhacht aici, faoin dlí náisiúnta, an beart arna iarraidh ag an iarratasóir a fhorordú *ex officio*, gan na cásanna ina bhféadfar an beart sin a ordú a cháiliú tuilleadh. Is cosúil gur ar an gcúis sin freisin a mheasann an chúirt a rinne an tarchur gur gá tuillteanas chás an iarratasóra a mheas, lena gcumhdaítear na saincheisteanna a ardaíodh i gCeist 4 freisin.

62. Tá ceist 4 inghlactha mar sin.

2. Substaint an cháis

63. Tá an fhoclaíocht i gCeist 4 ar dhóigh lena bhfiosraítear cé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáidí diúltacha agus dearfacha á bhforchur le dlí an Aontais maidir le lipéadú ceart na dtáirgí atá i gceist agus iad de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur cé acu an ndéantar nó nach ndéantar le ceanglais AE maidir le lipéadú earraí bia lipéad de chuid na tíre tionscnaimh a léiríonn/a thaispeánann Ríocht Mharacó a *thoirmeasc* agus cé acu an ndéantar nó nach ndéantar ina ionad sin leo an sonrú de chríoch an tSahára Thiar mar thír thionscnaimh a *cheangal*.

64. Molaim go gceanglaítear le rialacha ábhartha an Aontais maidir le lipéadú earraí bia nach mór do tháirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar an chríoch sin a shonrú mar a dtír thionscnaimh (an oibleagáid dhearfach), d'eisiamh tagairtí do chríocha eile (an oibleagáid dhiúltach). Ní fhéadtar, dá bhrí sin, aon tagairt a bheith déanta do Ríocht Mharacó ar na táirgí sin.

65. San anailís as a dtiocfaidh mé ar an gconclúid sin, tá an struchtúr seo a leanas aici: ar an gcéad dul síos, deimhneoidh mé go ndéantar leis na rialacha ginearálta agus/nó sonracha maidir le lipéadú earraí bia AE, mar is infheidhme maidir leis na táirgí atá i gceist, lipéad de chuid na tíre tionscnaimh a shainordú sa chéad áit (a). Ansin, léireoidh mé go bhféadfar críoch an tSahára Thiar a mheas mar thír thionscnaimh de réir bhrí na rialacha sin (b). Ar an tríú dul síos, míneoidh mé cén fáth go bhfuil an baol ann go gcuirfí tomhaltóirí an Aontais ar míthreoir ina

[50] Féach, mar shampla, breithiúnas an 10 Nollaig 2018, *Wightman agus páirtithe eile* (C-621/18, EU:C:2018:999, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

roghanna má fhágtar an Sahára Thiar ar lár mar thír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist (c). Ar deireadh, breithneoidh mé cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear le rialacha an Aontais maidir le lipéadú earraí bia cosc ar thagairt bhreise do Ríocht Mharacó (d).

(a) An dlí maidir le lipéadú AE ar earraí bia

(1) Rialacha ginearálta is infheidhme maidir le hearraí bia

66. Féachtar leis an Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí le cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí trí fhaisnéis 'cheart, neodrach agus oibiachtúil' 'chun roghanna eolacha a dhéanamh' maidir leis an mbia a itheann siad,[51] agus chun cosc a chur ar aon chleachtais a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur ar míthreoir.[52] Chun na críche sin, ceanglaítear leis 'lipéadú soiléir, sothuigthe agus inléite de bhianna'.[53]

67. Is í cuid den fhaisnéis nach mór (go ginearálta) a chur ar fáil don tomhaltóir ná an 'tír thionscnaimh' nó 'an bhunáitíocht'.[54] Tagraítear leis seo don áit as a dtagann an t-earra bia atá i gceist.[55]

68. Is léiriú é an ceanglas sin ar an bprionsabal lena dtoirmisctear faisnéis mhíthreorach faoi bhia.[56]

69. Mar sin, tá an Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí dírithe go sonrach ar an tomhaltóir a chosaint ó easpa faisnéise nó ó fhaisnéis mhícheart a d'fhéadfadh *an baol* a bheith ann an tomhaltóir a chur ar mhíthreoir maidir le fíorthionscnamh an táirge.[57]

70. Fillfidh mé ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné um baol maidir leis an tomhaltóir a chur ar míthreoir, thíos (pointe 102 *et seq.* den Tuairim seo); is gá a chinneadh ar dtús, áfach, cad iad na ceanglais shonracha a thagann ón dlí maidir le lipéadú torthaí agus glasraí do na táirgí atá i gceist sa chás seo.

51 Féach breithiúnas an 13 Eanáir 2022, *Tesco Stores ČR* (C-881/19, EU:C:2022:15, míreanna 44 agus 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Aithnítear in Airteagal 3(1) de Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí an speictream leathan éileamh a chuireann tomhaltóir an Aontais ar a chuid nó a cuid táirgí bia. Mínítear ann 'agus faisnéis faoi bhia á sólathar beidh sé mar sprioc ardleibhéal cosanta a bhaint amach do shláinte agus do leasanna na dtomhaltóirí trí chaoi a thabhairt do thomhaltóirí críochnaitheacha roghanna eolasacha a dhéanamh... ó thaobh cúrsaí sláinte, eacnamaíocha, comhshaoil, sóisialta agus eiticiúla de go háirithe.' Féach freisin aithris 4 den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí.

53 Aithris 9 den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí.

54 Airteagal 9(1)(i) den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí.

55 Féach, i ndáil leis sin, an sainmhíniú in Airteagal 2(2)(g) den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí, lena sainmhínítear an bhunáitíocht mar 'aon áit a léirítear ina leith gurb aisti an bia agus nach í "an tír thionscnaimh" í mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 23 go hAirteagal 26 de [Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO 1992 L 302, lch. 1)]'. Mínítear freisin in Airteagal 2(3) den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí 'chun críocha an Rialacháin seo, déanfar tagairt le tír thionscnaimh bia do thionscnamh bia de réir mar a chinntear í i gcomhréir le hAirteagail 23 go 26 de Rialachán Uimh. 2913/92.' Tá na rialacha a leagadh síos roimhe seo in Airteagail 23 go 26 de Rialachán Uimh. 2913/92 le fáil anois in Airteagail 59 go 63 de Chód Custaim an Aontais.

56 Mar a fhoráiltear in Airteagal 7 den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí.

57 Féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot* (C-363/18, EU:C:2019:954, mír 25; '*Vignoble Psagot*').

(2) Ceanglais shonracha maidir le torthaí agus glasraí

71. Arna ghlacadh mar rialacha breise leis an Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí,[58] sa Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí, leagtar síos ceanglais mhargaíochta maidir le torthaí agus glasraí.[59]

72. Ní mór rialacha margaíochta an Rialacháin maidir le Táirgí Talmhaíochta a chomhlíonadh d'fhonn táirge a mhargú le tomhaltóirí ar mhargadh an Aontais.[60] Measann reachtóir an Aontais go bhfuil comhlíonadh na gcaighdeán sin 'chun leas na dtáirgeoirí, na dtrádálaithe agus na dtomhaltóirí'.[61]

73. Ceann de na rialacha margaíochta a leagtar síos sa Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta is ea nach mór an áit feirmeoireachta agus/nó an tír thionscnaimh a shonrú.[62]

74. Ceanglaítear an sonrú sin le haghaidh torthaí agus glasraí atá beartaithe lena ndíol úr leis an tomhaltóir.[63]

75. Tá an ceanglas maidir le tionscnamh torthaí agus glasraí a shonrú is infheidhme ag gach céim mhargaíochta, lena n-áirítear an t-allmhairiú de thorthaí agus de ghlasraí.[64] Maidir le trádálaí de thorthaí agus de ghlasraí 'ní dhíolfaidh sé iad ná ní dhéanfaidh sé iad a sheachadadh ná a mhargú ar aon bhealach laistigh den Aontas ach amháin i gcomhréir leis na caighdeáin sin.'[65]

76. Déantar an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta a chur chun feidhme tuilleadh leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí,[66] ina leagtar amach go mion na caighdeáin mhargaíochta ghinearálta agus shonracha is infheidhme maidir le torthaí agus glasraí.[67]

77. Tá trátaí silíní faoi réir caighdeáin mhargaíochta ar leith.[68] Áirítear orthu sin lipéad éigeantach de chuid na tíre tionscnaimh.[69] Féadfar an lipéad sin a chomhlánú le sonraíocht roghnach maidir leis an 'ceantar inar fásadh [na trátaí], nó logainm náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil'.[70]

58 Mínítear in Airteagal 1(4) den Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí go bhfuil feidhm aige 'gan dochar do cheanglais lipéadaithe dá bhforáiltear i bhforálacha sonracha an Aontais, ar ceanglais iad is infheidhme maidir le bianna áirithe'.

59 De bhun Airteagal 1(1) den Rialachán um Tháirgí Talmhaíochta, cé is moite de tháirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe, tá feidhm ag an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta maidir leis na táirgí go léir atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí. Áirítear sa dara ceann, ina dhiaidh sin, caibidil d'fhorbhreathnú roghnaithe ar a bhfuil tagtha chun bheith anois mar an Ainmníocht Chomhcheangailte (Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1)).

60 Féach Airteagal 74 den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

61 Aithris 64 den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

62 Féach Airteagal 75(3)(j) agus Airteagal 76(1) den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

63 Féach Airteagal 75(1)(b) den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

64 Féach Airteagal 76(2) den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

65 Féach Airteagal 76(3) den Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta.

66 Féach Airteagal 1(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí.

67 Féach Airteagal 1(1) agus 3(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin sonraí na gcaighdeán ginearálta margaíochta do na táirgí sin.

68 Féach Airteagal 3(2)(j) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí, ina bhforáiltear go bhfuil na caighdeáin shonracha mhargaíochta atá i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis is infheidhme maidir le 'trátaí'. Sonraítear ansin in Iarscríbhinn I, Cuid B, Cuid 10, Roinn I, go n-áirítear trátaí 'silíní' freisin i gcoincheap na dtrátaí.

69 Féach Iarscríbhinn I, Cuid B, Cuid 10, Roinn VI, Litir C, a ghabhann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Chuige sin, mínítear i bhfonóta 'go sonrófar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta.'

70 *Ibid.*

78. Tá mealbhacáin Charentais faoi réir chaighdeáin ghinearálta mhargaíochta an Rialacháin Ghinearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí.[71] Teastaíonn lipéad éigeantach de chuid na tíre tionscnaimh uathu siúd freisin.[72] Murab ionann agus trátaí silíní, áfach, ní dhéantar tagairt sa rialachán sin do shonraíocht tionscnaimh níos mionsonraithe a chur leis.

79. Tá na ceanglais sin faoi réir seiceálacha comhréireachta, a bhfuil feidhm acu ag gach céim den mhargaíocht.[73]

80. Mar a mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht, beidh cinneadh neamhchomhréireachta mar chúis le cosc ar tháirgí neamhchomhréireacha a bhogadh gan údarú ón gcomhlacht inniúil iniúchta. Ní mór na táirgí sin a thabhairt i gcomhréireacht ansin leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Mura féidir é sin a dhéanamh, féadfaidh na húdaráis ábhartha a éileamh go seolfaí na táirgí chuig beatha ainmhithe, chuig próiseáil thionsclaíoch, chuig aon úsáid eile nach mbaineann le bia, nó fiú lena scriosadh.[74]

81. Dá réir sin, leis na caighdeáin mhargaíochta ghinearálta agus shonracha is infheidhme maidir leis na táirgí atá i gceist sainordaítear lipéadú de chuid na tíre tionscnaimh de na táirgí sin.

(b) An Sahára Thiar mar thír thionscnaimh na dtorthaí agus na nglasraí a fhástar sa chríoch sin

82. Leis an míniú thuas ar na rialacha ginearálta agus sonracha is infheidhme maidir le lipéadú AE ar earraí bia, is léir go sainordaíonn reachtóir an Aontais go léireofar ar na táirgí atá i gceist a dtír thionscnaimh.

83. Chun críocha an cháis seo, ardaítear leis sin go nádúrtha an cheist cé acu tír thionscnaimh chun críocha na rialacha sin í an chríoch neamh-féinrialaitheach den Sahára Thiar.

84. Chuige sin, tugaim faoi deara, nach leagtar síos sainmhíniú ar 'thír thionscnaimh' sa Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí, sa Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta ná sa Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí.[75]

85. É sin ráite, i gCód Custaim an Aontais, ina bhfuil rialacha sonracha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh, cumhdaítear freisin go sainráite sna rialacha maidir leis an ngné sin bearta eile de chuid an Aontais a thagraíonn do thionscnamh earraí.[76]

71 Féach an dara fomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí, a mhíníonn 'go gcomhlíonfaidh torthaí agus glasraí an caighdeán ginearálta margaíochta nach bhfuil cumhdaithe ag caighdeán sonrach margaíochta'. Tá an caighdeán ginearálta margaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin leagtha síos i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an rialachán céanna.

72 Féach Iarscríbhinn I, Cuid A, Cuid 4, a ghabhann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Arís, sonraítear i bhfonóta 'go sonrófar an t-ainm iomlán nó an t-ainm a úsáidtear go coitianta'.

73 Féach, chuige sin, Airteagail 8 agus 11 den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Leagtar síos freisin in Airteagal 11(3) den rialachán céanna 'i gcás ina dtaispeántar le seiceálacha neamhrialtachtaí suntasacha, méadóidh na Ballstáit minicíocht na seiceálacha i ndáil le trádálaithe, táirgí, tionscnaimh nó paraiméadair eile'. Tá gá le seiceálacha comhréireachta, *inter alia*, toisc nach mór don 'tír thionscnaimh' ábhartha a bheith marcáilte go 'inléite' agus 'doscriosta' agus a bheith infheicthe ón taobh amuigh, priontáilte go díreach ar an bpacáiste, lipéad ar cuid dhílis den phacáiste é, nó greamaithe den phacáiste.

74 Féach Airteagal 17(3) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí.

75 Maidir le Rialachán um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí agus an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta, d'aithin an Chúirt cheana i mbreithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019 go bhfuil easpa sainmhínithe den sórt sin ann *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main* (C-686/17, EU:C:2019:659, mír 46).

76 Féach Airteagal 59(c) de Chód Custaim an Aontais, ina sonraítear go 'leagfar síos' sna hAirteagail maidir le héadáil agus cruthúnas tionscnaimh (Airteagail 60 agus 61 de) 'rialacha d'fhonn tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh... a chur i bhfeidhm … bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí'.

86. Mar atá mínithe ag an gCúirt i ndáil leis an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta, áirítear leis sin ceanglas margaíochta na tíre tionscnaimh. [77]

87. Measaim go bhfuil an rud céanna i bhfeidhm maidir leis an Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. I ndeireadh na dála, is é sin a éilítear le léamh aonfhoirmeach, éifeachtach agus comhsheasmhach ar an gceanglas maidir le lipéadú na tíre tionscnaimh. [78]

88. Dá réir sin, ní mór an lipéadú ar an tír thionscnaimh i rialacháin éagsúla an Aontais ar earraí bia is infheidhme sa chás seo a léiriú trí thagairt a dhéanamh do rialacha agus sonrúcháin ábhartha Chód Custaim an Aontais.

89. Faoi Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais, measfar go bhfuil tionscnamh na n-earraí sa tír nó sa chríoch sin ina fuarthas go hiomlán iad sa 'tír' nó 'críoch' ar leith.

90. Maidir le táirgí glasraí a bhaintear i 'tír' nó i 'gcríoch' meastar go bhfaightear iad go hiomlán inti. [79] Meastar dá réir sin gur de thionscnamh na críche sin iad. [80]

91. In *Vignoble Psagot*, rinne an Chúirt léiriú ar an gcoincheap 'críoch' chun aon eintiteas nach dtagann faoin gcatagóir 'tír' nó 'Stát' a chuimsiú, [81] amhail 'spásanna geografacha, cé go bhfuil siad faoi dhlínse nó faoi fhreagracht idirnáisiúnta Stáit, a bhfuil stádas ar leith acu ón Stát sin faoin dlí idirnáisiúnta'. [82]

92. Ina breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, d'aithin an Chúirt gur críoch ar leith í críoch an tSahára Thiar chun críocha an dlí idirnáisiúnta phoiblí, agus gur críoch í atá leithleach ó chríoch Ríocht Mharacó. [83]

93. Mar sin ní mór déileáil le críoch an tSahára Thiar mar chríoch chustaim ar leith chun críocha Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais.

94. Mar a mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht, tá an stádas sin aitheanta cheana féin i rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le staidreamh ar thrádáil eachtrach trí chód a thíre tionscnaimh féin (EH) a chur i leith chríoch an tSahára Thiar. [84] Is é an cód sin a ghlacann Taraif Chustaim an

77 Féach breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main* (C-686/17, EU:C:2019:659, mír 46).

78 Féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main* (C-686/17, EU:C:2019:659, mír 50) (ina mínítear 'nach mór do thásc sainordaitheach na tíre tionscnaimh, d'fhonn na forálacha comhfhreagracha a bheith lánéifeachtúil agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, a bheith bunaithe ar na sainmhínithe céanna, cibé acu i réimse an chustaim, na talmhaíochta nó cosaint tomhaltóirí').

79 Féach Airteagal 31(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 an 28 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe i ndáil le forálacha áirithe de Chód Chustaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 1).

80 Sa chás seo, ní chuirtear i gcoinne go mbaintear na táirgí atá i gceist ar chríoch an tSahára Thiar.

81 *Vignoble Psagot*, mír 30. Sa bhreithiúnas céanna, rinne an Chúirt léiriú ar an gcoincheap 'tír' a bheith comhchiallach leis an gcoincheap de 'Stát', lena gcuirtear in iúl 'eintiteas ceannasach a fheidhmíonn, laistigh dá theorainneacha geografacha, an raon iomlán cumhachtaí arna aithint ag an dlí idirnáisiúnta' (féach míreanna 28 agus 29).

82 Féach *Vignoble Psagot*, mír 31. Mar a chuireann an t-iarratasóir faoi bhráid, is ar an mbonn sin a chumhdaigh an Chúirt, ina breithiúnas in *Vignoble Psagot* sa cheanglas maidir le lipéadú ceart tionscnaimh 'críoch atá á áitiú ag Stát Iosrael'. is é sin le rá, an Bruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir, agus Arda Golan.

83 *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 107, agus *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 64 agus 69.

84 Féach Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO 2020 L 334, lch. 2).

Aontais (TARIC) [85] nach mór d'allmhaireoirí táirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar a liostú ar a ndearbhú custaim, agus nach mór dóibh dearbhú tionscnaimh a sholáthar mar thaca leis.

95. Mar sin, cuimsítear le coincheap na tíre tionscnaimh, mar atá i ndlí an Aontais maidir le lipéadú earraí bia, críoch an tSahára Thiar freisin.

96. Ní mór na táirgí atá i gceist sa chás seo, a fhaightear go hiomlán laistigh de chríoch an tSahára Thiar, a lipéadú dá réir sin.

97. Níl aon tionchar ar an gconclúid sin toisc go measann an tAontas Eorpach, go praiticiúil, go bhfuil tríú Stát – anseo, Ríocht Mharacó – tar éis glacadh leis an bhfreagracht (*de facto*) as críoch an tSahára Thiar a riar (nó ar a laghad na codanna a bhfuil smacht aici orthu). Chun críocha allmhairí isteach san Aontas Eorpach, is iad údaráis Mharacó, dá bhrí sin, a fhíoraíonn agus a dheimhníonn tionscnamh na dtáirgí a mhaítear gur de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar iad.

98. Mar a mhínigh an Chomhairle agus an Coimisiún araon, cuireadh an socrú sin i bhfeidhm toisc nach bhfuil aon údaráis chustaim (aitheanta) dá cuid féin ag críoch neamh-féinrialaitheach an tSahára Thiar chun rialú a dhéanamh ar stádas thionscnamh na dtáirgí a tháirgtear ar nó a shaothraítear sa chríoch sin. [86]

99. Mar a mhíním i mo Thuairimí an lae inniu in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, trí phlé le críoch neamh-féinrialaitheach urramaítear stádas reatha an dlí idirnáisiúnta agus an réaltacht phraiticiúil, gan plé leis an gceist (pholaitiúil) d'aitheantas Stáit, áfach. [87] Ní athraíonn sé aon ní, áfach, maidir leis an gconclúid gur críoch ar leith é an Sahára Thiar chun críocha custaim.

100. Ní mór an tátal a bhaint as, dá bhrí sin, nach mór na táirgí atá i gceist a fhástar ar chríoch an tSahára Thiar, faoi reachtaíocht infheidhme AE maidir le hearraí bia, a lipéadú mar tháirgí de thionscnamh na críche sin.

[85] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1).

[86] Is é sin an fáth freisin a áitíonn an Chomhairle agus an Coimisiún nach féidir leo comhaontú trádála ar leith a thabhairt i gcrích go praiticiúil le críoch an tSahára Thiar. Déan comparáid idir é sin agus Comhaontú Comhlachais EC-PLO (arna fhormheas le Cinneadh 97/430/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 1997 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (IO 1997 L 187, lch. 1)), dá bhforáiltear, de bhun Airteagal 16(4) den Phrótacal a ghabhann leis, go bhfuil deimhniú gluaiseachta EUR.1 le heisiúint ag údaráis chustaim an Bhruach Thiar agus Stráice Gaza más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh an Bhruach Thiar agus Stráice Gaza iad na táirgí atá le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus má chomhlíonann siad na ceanglais eile maidir le honnmhairiú. Féach freisin breithiúnas an 25 Feabhra 2010, *Brita* (C-386/08, EU:C:2010:91, míreanna 50 go 52) (ina mínítear go bhfuil an inniúlacht ag údaráis chustaim an Bhruach Thiar agus Stráice Gaza i leith táirgí de thionscnamh an Bhruach Thiar agus Stráice Gaza, d'eisiamh inniúlacht údaráis chustaim Iosrael).

[87] Féach, mar an gcéanna agus de réir analaí, mar fhianaise gur féidir aitheantas Stáit a dhíchúpláil ó thionscnamh deimhniúcháin, Airteagal 46 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile (IO 2016 L 71, lch. 3), agus Prótacal III a ghabhann leis, dá ndéantar foráil maidir le rialacha chun tionscnamh a chinneadh do tháirgí de thionscnamh na críche sin. Tá an réiltín san ainm nasctha leis an ráiteas seo a leanas i bhfonóta an chomhaontaithe: 'Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

(c) Chuirfí an tomhaltóir amú mura ndéanfaí tagairt do chríoch an tSahára Thiar

101. Tar éis a shuíomh go sainordaítear le rialacha lipéadaithe AE um earraí bia maidir le torthaí agus glasraí go léiríonn na táirgí atá i gceist a dtír thionscnaimh, agus tar éis a dheimhniú go n-áirítear críoch neamh-féinrialaitheach an tSahára Thiar le coincheap na tíre tionscnaimh freisin, féadfar an tátal a bhaint as nach mór an Sahára Thiar a shonrú mar thír thionscnaimh na dtáirgí sin. Is í an cheist bhreise atá le réiteach, dá bhrí sin, ná an dóigh go gcuirfí tomhaltóir AE amú mura ndéanfaí tagairt don chríoch sin.

102. Mar a thug mé faoi deara i bpointe 69 den Tuairim seo, is í an aidhm leis na sonraí faisnéise ar earraí bia AE maidir le lipéadú na tíre tionscnaimh ná an tomhaltóir a chosaint, ionas nach mbeidh an tomhaltóir (i mbaol) de bheith curtha ar 'míthreoir' maidir le fíorthionscnamh an táirge. [88]

103. Cé nach é an príomhchúis ar iompar tomhaltóra, [89] bíonn tionchar ag lipéad tír thionscnaimh táirge ar chinntí ceannaigh. [90]

104. Níl aon bheirt tomhaltóir mar an gcéanna. D'fhéadfadh go mbeadh tionscnamh a gcuid táirgí tábhachtach do chuid acu. B'fhéidir nach mbreathnódh cuid eile acu fiú ar bhunáit a gceannach.

105. Mar a chinn an Chúirt roimhe seo, cuirtear an gnáth-thomhaltóir san áireamh i measúnú ar an riosca a bhaineann le tomhaltóir a chur ar míthreoir, is é sin le rá, duine 'atá sách eolach agus réasúnta géarchúiseach agus faichilleach, maidir le tionscnamh, bunáit, agus cáilíocht a bhaineann leis an earra bia'. [91]

106. Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí gur cheart le faisnéis bhia a sholáthar don tomhaltóir, lena n-áirítear faisnéis faoi thionscnamh táirge, go gcuirfí ar chumas an tomhaltóra sin 'roghanna eolacha a dhéanamh' faoi thionchar, *inter alia*, 'breithnithe eiticiúla'. [92]

107. D'fhéadfaí a cheapadh go mb'fhéidir go measfadh tomhaltóir atá sách eolach agus faichilleach go bhfuil sé tábhachtach fios a bheith aige gur de thionscnamh an tSahára Thiar an táirge. Mar sin féin, tá an cheist faoi conas is dócha go mbeadh tionchar ag faisnéis faoi thionscnamh táirge ón Sahára Thiar ar chinneadh ceannacháin tomhaltóra suibiachtúil don tomhaltóir sin amháin. [93]

88 Féach, chuige sin, *Vignoble Psagot*, mír 25.

89 I dtuarascáil ón gCoimisiún Eorpach in 2015 aimsíodh, 'i measc gnéithe a mbíonn tionchar acu ar iompar an tomhaltóra[,] tagann lipéadú tionscnaimh i ndiaidh fachtóirí amhail praghas, dátaí faoinar cheart é a úsáid/ar fearr roimhe, áisiúlacht agus/nó cuma'. Féach Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le tásc sainordaitheach na tíre tionscnaimh nó na bunáitíochta do bhianna neamhphróiseáilte, do tháirgí nach bhfuil ach comhábhar amháin iontu agus do chomhábhair ar mó iad ná 50 % den bhia (COIM(2015) 204 final; 'Tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh 2015').

90 De réir Eorabharaiméadair Speisialta 2012 Uimh. 389 ón gCoimisiún maidir le dearcadh na nEorpach i leith slándáil bia, cáilíocht bia agus an tuath (ar fáil ar: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/1054) deir tromlach suntasach (71%) go bhfuil bunús an bhia tábhachtach' (lch. 4), agus tuairiscítear tionscnamh mar cheann de thrí thoisc a chuireann tromlach de shaoránaigh an Aontais san áireamh agus bia á cheannach acu.

91 Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2009, *Severi* (C-446/07, EU:C:2009:530, mír 61).

92 D'fhéadfadh gur cinneadh a bheadh sa rogha sin freisin 'vótáil lena tralaí nó lena thralaí', trí tháirgí a cheannach nó trí dhiúltú táirgí a cheannach ó na codanna den domhan a bhfuil saincheisteanna polaitiúla, comhshaoil, cultúrtha nó aon saincheist eile ag tomhaltóir leo. Úsáidtear an nath 'vótáil le tralaí' in alt de chuid *The Economist* chun míniú a thabhairt ar chleachtas na dtomhaltóirí maidir lena dtuairimí polaitiúla a chur in iúl trína gcinntí ceannaigh. Féach 'Voting with your trolley: Can you really change the world just by buying certain foods?', *The Economist*, Tuarascáil speisialta, an 7 Nollaig 2006.

93 Féach, ina leith sin, Tuairim an Abhcóide Ginearálta Hogan in *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot* (C-363/18, EU:C:2019:494, pointí 47 go 49).

108. Ní gá go mbainfeadh an cinneadh sin le seasamh neodrach an Aontais Eorpaigh maidir le réiteach stádas chríoch an tSahára Thiar amach anseo.

109. Ag an am céanna, gan an fhaisnéis gur de thionscnamh an tSahára Thiar a thagann táirge, d'fhéadfadh tomhaltóir atá sách eolach agus faichilleach a bheith curtha ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an táirge a chinneann siad a cheannach.

110. Conas a dhéantar na seasaimh dhlíthiúla agus pholaitiúla sin a réiteach?

111. Is léir, agus í ag breithnú cé acu an bhfuil an baol ann nó nach bhfuil go bhféadfadh sonraí míchearta faisnéise faoin tír thionscnaimh tomhaltóir a chur ar míthreoir, nach gá don chúirt náisiúnta cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist sin, mar nach mbeadh sí in ann, a chur san áireamh roghanna eiticiúla éagsúla na dtomhaltóirí.

112. Dar liomsa, tá an tástáil ar chóir reachtóir an Aontais a bhunú i bhfad níos oibiachtúla.

113. Is í an cheist nach mór do chúirt a chur go simplí: an bhfuil baol ann go bhféadfadh cinneadh ceannaigh ar úsáideadh bonn eolais mícheart dó a bheith mar thoradh ar tháirge a bhfuil lipéad tír thionscnaimh air a thagraíonn do Chríoch X, nuair a thagann an táirge sin, i ndáiríre, ó Chríoch Y?[94]

114. Is é an freagra atá uirthi sin ná tá baol ann: is dócha go gcuirfeadh lipéad a thugann le tuiscint gur ó áit eile seachas fíoráit thionscnaimh an tomhaltóra a chur amú maidir le (de réir dlí an Aontais) tionscnamh ceart an táirge sin go hoibiachtúil.[95]

115. Sa chás seo, tá lipéad a thugann le tuiscint gur de thionscnamh Mharacó é táirge, nuair atá an táirge sin i ndáiríre de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar, mar sin míthreorach don tomhaltóir.

116. Ní bheadh lipéad den sórt sin i gcomhréir leis an gceanglas uileghabhálach chun cuidiú leis an tomhaltóir 'rogha eolach' a dhéanamh maidir lena gceannach, a d'fhéadfadh baint a bheith aige le heilimintí de chineál eiticiúil, ná ní léireodh sé go leordhóthanach seasamh polaitiúil reatha an Aontais Eorpaigh.

117. Ar an mbonn sin, molaim go mínítear i bhfreagra na Cúirte ar an gcuid de Cheist 4 a bhaineann leis an oibleagáid dhearfach maidir le lipéadú go gceanglaítear leis an Rialachán um Fhaisnéis Bhia do Thomhaltóirí, leis an Rialachán maidir le Táirgí Talmhaíochta, agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí nach mór do lipéad tír thionscnaimh lena léirítear a mbunáitíocht i gcríoch an tSahára Thiar a bheith ar na táirgí atá i gceist.

(d) An bhfuil deis ann do thagairt do Ríocht Mharacó?

118. Leis an gconclúid thuas an bhfágtar spás ar bith do thagairt bhreise do Ríocht Mharacó?

[94] Go deimhin, is ionann an measúnú atá le déanamh ag cúirt nuair a bhaineann na sonraí faisnéise míchearta le neasmheáchan nó le haibíocht na dtorthaí nó na nglasraí atá i gceist agus nuair a bhaineann sé le léiriú a bhunáitíochta.

[95] Féach, chuige sin, *Vignoble Psagot*, mír 51.

119. In *Vignoble Psagot*, a ndéantar agairt dó sa chás seo, iarradh ar an gCúirt a mhíniú an bhféadfaí a mheas nach leor an léiriú ceart ar an gcríoch thionscnaimh (sa chás sin Arda Golan nó an Bruach Thiar) ann féin chun sonraí cearta faisnéise a sholáthar don tomhaltóir maidir leis an tír thionscnaimh de tháirgí a thagann ón gcríoch sin.

120. D'fhéadfaí an cheist a chur, dá bhrí sin, an soláthrófaí faisnéis a bheadh ceart go hoibiachtúil do thomhaltóirí an Aontais dá gcuirfí 'Ríocht Mharacó' le táirgí lipéad na tíre tionscnaimh de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar.

121. De bharr an staid shonrach sa limistéar geografach ar bhun leis an mbreithiúnas in *Vignoble Psagot*, ina raibh codanna áirithe de Phoblacht Arabach na Siria (Arda Golan) nó de chríoch na Palaistíne (an Bruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir) ónar tháinig na táirgí i gceist sa chás sin de thionscnamh 'lonnaíochtaí Iosraelacha', tháinig an Chúirt ar an gconclúid gur dócha go gcuirfí an tomhaltóir amú má fhágtar faisnéis áite bhreise ar lár. [96]

122. Dá réir sin, gan an fhíor-bhunáitíocht cheart, d'fhéadfaí tomhaltóirí a bheith curtha amú chun a chreidiúint go ndíorthódh táirge, i gcás an Bruach Thiar (lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir), ó tháirgeoir Palaistíneach nó, i gcás na nArda Golan, ó tháirgeoir Siriach. [97]

123. Ní bheadh tagairt shimplí do 'lonnaíocht Iosraelach' leordhóthanach chun an cineál sin míthuisceana a chosc. [98]

124. Tá na cúinsí dlí agus fíorasacha, chomh maith leis an gceist atá os comhair na Cúirte, difriúil sa chás seo.

125. Is críoch ar leith í críoch an tSahára Thiar chun críocha an tásc tionscnaimh chun críocha custaim agus lipéadaithe.

126. Is fíor, faoi láthair, nach féidir ach le húdaráis Mharacó – agus mar atá aitheanta ag an Aontas Eorpach an sainordú a shealbhú – a fhíorú gur de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar é tionscnamh táirge (féach pointí 97 agus 98 den Tuairim seo).

127. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go n-athraíonn bunús táirge a thagann ón Sahára Thiar nuair a tharlaíonn an cineál deimhnithe sin.

128. In *Vignoble Psagot*, ní raibh an cheist os comhair na Cúirte cibé acu an bhféadfaí *dhá thír nó chríoch* a shonrú, ach cibé acu an bhféadfar *an sonrú den'bhunáitíocht' níos mionsonraithe* a chur leis an bhfaisnéis faoin tír/críoch thionscnaimh – in ainneoin an chónaisc 'nó' idir na téarmaí 'tír thionscnaimh' agus 'bunáitíocht' sa Rialachán um Fhaisnéis do Thomhaltóirí maidir le Bia.

129. Ag cur san áireamh gur chuir an comhphobal idirnáisiúnta agus an tAontas Eorpach i gcoinne na lonnaíochtaí Iosraelacha sna críocha sin, chinn an Chúirt dá bhfágfaí ar lár an fhaisnéis faoi fhíor-bhunáitíocht earraí ó lonnaíochtaí den sórt sin go mbainfeadh an deis as tomhaltóirí cinneadh ceannaigh eolach a dhéanamh. [99]

96 Féach *Vignoble Psagot*, mír 51.

97 Féach *Vignoble Psagot*, mír 49.

98 Féach *Vignoble Psagot*, mír 50.

99 Féach, chuige sin, *Vignoble Psagot*, míreanna 48 go 51.

130. Sa chás seo, áfach, dá gcuirfí an tásc 'Ríocht Mharacó' leis an bhfaisnéis faoi thír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist, ní mhíneodh sé a mbunáitíocht ar bhealach níos soiléire.

131. Ar an gcéad dul síos, níl an cineál sin faisnéise ceart go hoibiachtúil.

132. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh tomhaltóir a bheadh eolach agus faichilleach an fhaisnéis riachtanach a dhéanamh amach faoi thionscnamh na dtáirgí atá i gceist mura luaitear ach an Sahára Thiar mar an tír thionscnaimh.

133. Cibé seasamh suibiachtúil atá ag tomhaltóir maidir le láithreacht Ríocht Mharacó ar chríoch an tSahára Thiar, má chuirtear an tásc 'Ríocht Mharacó' le táirgí nach de thionscnamh ón áit sin iad, is dócha go gcuirfí tomhaltóir amú, mar sin 'toisc nach léirítear an fhírinne iomlán'go beacht. [100]

134. Ar deireadh, mar a mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht, le coincheap na tíre tionscnaimh, mar a thuigtear laistigh de na caighdeáin mhargaíochta ghinearálta agus shonracha is infheidhme maidir leis na táirgí atá i gceist, [101] ceanglaítear ainmníocht *aonair* na tíre tionscnaimh. [102]

135. Ar an gcéad dul síos, is dóigh liom go n-eascraíonn sé sin ó úsáid a bhaint as 'tír' san fhoirm uatha i dtéacs agus in aithrisí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. [103]

136. Ar an dara dul síos, tá an cur chuige sin bunaithe ar an loighic ghinearálta is bun leis an gcinneadh 'tionscnaimh' faoi Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais. De bhun na forála sin, ní fhéadtar 'earraí a fhaightear go hiomlán i dtír nó i gcríoch amháin' [104] ach a bheith de thionscnamh tír amháin nó críoch amháin. [105]

137. Agus é sin á chur san áireamh, ba cheart na cúiseanna céanna a bhaineann le léiriú comhsheasmhach a bhíonn mar thaca le hailíniú an léirithe ar 'thionscnaimh' i ndlí an Aontais maidir le lipéadú earraí bia leis na rialacha is infheidhme maidir le staidreamh custaim agus trádáil eachtrach a bheith i bhfabhar tuiscint chomhchosúil a ghlacadh maidir leis an *tsainiúlacht* de thionscnamh chun críocha lipéadaithe.

138. Má leantar na rialacha sin, ba cheart táirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar a lipéadú amhlaidh, d'eisiamh aon bhunáitíocht eile.

100 Chun focail an Abhcóide Ghinearálta Mischo a úsáid ina Thuairim in *Gut Springenheide agus Tusky* (C-210/96, EU:C:1998:102, pointe 78), inar rinne sé idirdhealú freisin idir 'faisnéis atá ceart go hoibiachtúil; faisnéis atá mícheart go hoibiachtúil; [agus] faisnéis atá ceart go hoibiachtúil ach a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú toisc nach léiríonn sí an fhírinne iomlán'.

101 Mar a pléadh i bpointí 66 go 81 den Tuairim seo.

102 Ar mhaithe le hiomláine, tagann an riail sin chun cinn freisin i gcás torthaí agus glasraí i measc de thionscnamh níos mó ná tríú tír amháin, agus sa chás sin cuirtear tagairt tionscnaimh ghinearálta isteach (amhail measc de thorthaí agus de ghlasraí neamh-AE'; féach Airteagal 7(3) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí) nó ní mór do gach 'tír thionscnaimh' aonair a bheith in aice le hainm na dtorthaí nó na nglasraí lena mbaineann (féach, mar shampla, i gcás measc trátaí de thionscnamh éagsúil, Iarscríbhinn I, Cuid A, Pointe 4, agus Iarscríbhinn I, Cuid B, Cuid 10, Roinn VI, pointe C, a ghabhann leis an rialachán céanna).

103 Féach, mar shampla, aithrisí 4 agus 49 agus Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí. Féach freisin Iarscríbhinn I, Cuid A, Cuid 4, agus Iarscríbhinn I, Cuid B, Cuid 10, Roinn VI, pointe C, a ghabhann leis, a úsáideann an 'tír thionscnaimh' uatha sa tslí chéanna

104 Airteagal 60(1) de Chód Custaim an Aontais.

105 Is é sin, ach amháin má tá na torthaí agus na glasraí i measc de thionscnamh de níos mó ná tríú tír amháin. Féach Airteagal 7(3) den Rialachán Ginearálta maidir le Margaíocht Torthaí agus Glasraí.

139. Tá an seasamh a ghlac an Coimisiún ag an éisteacht mar bhonn leis an réasúnaíocht sin, a d'aontaigh go dtagtar ar an gconclúid de bharr an cur i bhfeidhm de na rialacha sin go bhfuil sé mícheart na táirgí atá i gceist a lipéadú mar tháirgí de thionscnamh Ríocht Mharacó.

140. Mar sin féin, mar a mhínigh an Coimisiún freisin, faoin bpróiseas leanúnach maidir le féinchinntiúchán na críche sin, níor cheart go gcuirfí cosc ar thoradh ar bith, ós rud é go bhfuil seasamh neodrach glactha ag an Aontas Eorpach maidir le todhchaí chríoch an tSahára Thiar. [106]

141. Dá ndéanfaí tír thionscnaimh de tháirge de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar a léiriú mar 'Ríocht Mharacó' in éineacht le tagairt don 'Sahara Thiar', bheadh sé sin contrártha do sheasamh sonraithe an Aontais Eorpaigh maidir le críoch an tSahára Thiar, bheadh sé ina shárú ar an gceanglas maidir le faisnéis 'cheart, neodrach agus oibiachtúil' a bhunú [107] sonrach do thír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist, agus bheadh sé ina shárú ar chinneadh reachtóir an Aontais tionscnamh aonair a éileamh chun críocha lipéadaithe.

142. Mar fhocal scoir, níor cheart go mbeadh aon ainmniú críochach ar an lipéad na tíre tionscnaimh do na táirgí atá i gceist seachas an t-ainmniú den Sahára Thiar.

IV. Conclúid

143. I bhfianaise an méid sin roimhe seo, molaim go bhfreagróidh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc) mar seo a leanas:

(1) Maidir le hAirteagal 207 CFAE agus Airteagal 134(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais

ní mór iad a léiriú amhail nach n-údaraítear leo, iontu féin, do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh go haontaobhach lena dtoirmisctear allmhairiú, de thionscnamh tríú tíre, torthaí agus glasraí isteach ina chríoch de bharr mainneachtain lipéad ceart 'tír thionscnaimh' a thaispeáint.

(2) Maidir le hAirteagal 5(1) agus Airteagal 6(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus na hearnálacha torthaí agus glasraí próiseáilte, Airteagail 9 agus 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún, agus

[106] Dealraíonn sé gurb é seasamh an Aontais Eorpaigh faoi láthair gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an bpróiseas polaitiúil maidir leis an tsaincheist faoin Sahára Thiar teacht ar 'réiteach polaitiúil atá cóir, réalaíoch, pragmatach, marthanach agus atá inghlactha go frithpháirteach…, bunaithe ar "chomhréiteach", mar a shonraítear i bpointe 13 den dearbhú comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Mharacó don cheathrú cruinniú déag den Chomhairle Comhlachais (an 27 Meitheamh 2019), ar fáil ar: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2019/06/27/joint-declaration-by-the-european-union-and-the-kingdom-of-morocco-for-the-fourteenth-meeting-of-the-association-council/.

[107] Féach breithiúnas an 13 Eanáir 2022, *Tesco Stores ČR* (C-881/19, EU:C:2022:15, míreanna 44 agus 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, arna léamh i bhfianaise Airteagal 60 de Rialachán Uimh. 952/2013 agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile,

ní mór iad a léiriú amhail go gceanglaítear leo nach mór do lipéad ‘tír thionscnaimh’ lena léirítear a dtionscnamh i gcríoch an tSahára Thiar a bheith ar phacáistíocht na dtrátaí silíní agus na mealbhacán Charentais de thionscnamh na críche sin.

Faoi mar a sheasann dlí agus beartas an Aontais Eorpaigh faoi láthair, níor cheart tagairt a dhéanamh do Ríocht Mharacó ar an gcineál sin lipéad.